Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Aibreán 2022**
**(OR. fr, en)**

**7809/22**

**AUDIO 23**
**CULT 38**
**ENV 312**
**SAN 199**
**SUSTDEV 74**
**IND 101**
**PI 29**
**DIGIT 72**
**RECH 168**
**TOUR 29**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6937/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le<br>Straitéis Eorpach a fhorbairt d'Éiceachóras Thionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Eorpach a fhorbairt d'Éiceachóras Thionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta, a d'fhormheas an Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt ag cruinniú a bhí aici an 4 Aibreán 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le**

**Straitéis Eorpach a fhorbairt d'Éiceachóras Thionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

*Á MHEABHRÚ DI:*

1. An ról bunúsach a bhíonn ag an gcultúr agus ag an tsaoirse chruthaithe i gcás an Aontais Eorpaigh agus a saoránach maidir lenár gcórais dhaonlathais agus ár luachanna a neartú, lenár samhlaíocht a fhorbairt, le rathúnas ár sochaithe, le beogacht ár gceantair áitiúla, le cáilíocht ár dtimpeallacht mhaireachtála, agus le dea-fholláine daoine aonair;

2. An ról ríthábhachtach atá ag earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta (CCSI), dá dtagraítear freisin éiceachóras thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta (CCIE), maidir le hoidhreacht choiteann, le tagairtí coiteanna agus cultúr na todhchaí a fhorbairt, rud atá bunriachtanach chun go leanfadh éagsúlacht chultúrtha na hEorpa ag fás, agus á thabhairt ar aird gur grúpa an-éagsúil é CCSI, a bhfuil tosaíochtaí difriúla ag gabháil leis agus coinníollacha difriúla aige;

3. Raon feidhme CCIE[1], mar a shainmhínítear é sa Tuarascáil Bhliantúil 2021 ar an Margadh Aonair, ina dtugtar aird ar na 14 éiceachóras tionsclaíocha arna sainaithint ag seirbhísí an Choimisiúin i dtaca le Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020[2] agus i roinnt doiciméad ábhartha dá dtagraítear san Iarscríbhinn;

---

**1** Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin 2010 SWD (2021) 351 final, lch 98-104 '*The CCIs are a varied group. The biggest industries are audiovisual (TV, videogames, VOD, cinema, VR/AR), music, books and press publishing, advertising, cultural heritage (museums, historical sites), performance (theatre, dance) and visual arts*.' Leis an sainmhíniú leathan sin, cuirtear le Creat UNESCO le haghaidh Staidrimh Chultúrtha, 2009, le Páipéar Uaine an Choimisiúin Eorpaigh dar teideal *Unlocking the potential of cultural and creative industries* [An acmhainneacht atá ag tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a scaoileadh], agus le Rialachán Eoraip na Cruthaitheachta.

**2** Teachtaireacht dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [An straitéis nua tionsclaíochta don Eoraip a nuashonrú: Margadh aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], C(2021) 350

4. Ualach eacnamaíoch CCIE, a measadh a bheith ag 3.95 % de bhreisluach AE (EUR 477 mbilliún) in 2019, agus 8.02 milliún duine fostaithe san earnáil chomh maith le 1.2 milliún gnólacht, ar fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) 99.9 % díobh[3];

5. An tionchar suntasach a d'imir paindéim COVID-19 ar gheilleagar an chultúir agus na cruthaitheachta agus a riachtanaí atá sé athléimneacht CCIE agus an dá aistriú (an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach) a athneartú san Aontas Eorpach, chun tionchar na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a chomhlánú agus a lánphoitéinseal mar údar fáis agus post agus iomaíochas an Aontais ar bhonn domhanda a chumasú;

*CUIREANN SÍ I dTREIS AN MÉID A LEANAS:*

6. Sa bhreis ar an tionchar gearrthéarmach a bhain léi, cuireadh na dúshláin agus na deiseanna struchtúracha a bhaineann leis an CCIE iomlán chun suntais leis an ngéarchéim phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair. Cuimsítear leo siúd, *inter alia*, claochlú digiteach na modhanna agus na n-úsáidí dearaidh; iomaíocht láidir agus comhtháthú gníomhaithe móra domhanda; a riachtanaí atá sé scéimeanna a chomhdhlúthú agus foinsí a éagsúlú chun cruthú, léiriúchán agus scaipeadh saothar a mhaoiniú chun inbhuanaitheacht samhlacha gnó a áirithiú; a riachtanaí atá sé scéimeanna árachais a chur in oiriúint do shonraíochtaí CCSI; agus a riachtanaí atá sé freastal ar éileamh ón spriocdhaonra, a athraíonn go gasta, agus tacú le glacadh na nuálaíochta;

7. Áirítear an méid seo a leanas ar na dúshláin agus na deiseanna eile atá ann do CCIE freisin: cur chun feidhme an aistrithe ghlais; rannchuidiú le comhionannas agus le héagsúlacht; ról CCSI ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, go háirithe i ndáil le comhtháthú sóisialta, geilleagair áitiúla, turasóireacht ar ardcháilíocht a mhealladh chun na hEorpa agus cur go mór le beogacht na gceantar tuaithe agus uirbeach; agus ról CCSI sa chaidreamh seachtrach, go háirithe i ndáil le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur chun cinn agus seasamh le clár oibre uaillmhianach maidir le maoin intleachtúil;

---

[3] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin 2010 SWD (2021) 351 final, lch 98-104 (https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/swd-annual-single-market-report-2021_en.pdf).

8. Chun an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú, rochtain ar an oidhreacht sin a chur chun cinn agus leanúint de shaothair nua, bhunaidh lena gcuirtear leis an éagsúlacht chultúrtha a chruthú, a léiriú agus a dháileadh, tá sé tábhachtach go scrúdófaí, i ndlúthchomhar leis an earnáil, mar a dhéanfaí ár sócmhainní cultúrtha straitéiseacha a shainiú, a chosaint agus a chur chun cinn. Cuimsítear le sócmhainní cultúrtha straitéiseacha *inter alia* na hacmhainneachtaí chun ábhar agus saothair chultúrtha a chruthú, a léiriú, a dháileadh agus a chur ar taispeáint go neamhspleách, lena n-áirítear a gcuid maoine inláimhsithe agus doláimhsithe, mar shampla, maoin chatalóige nó stiúideonna (stiúideonna scannán, teilifíse nó ealaíne), a fhaigheann tacaíocht go minic trí chistiú poiblí;

9. Beidh CCIE láidir, dinimiciúil, éagsúil, iomaíoch, nuálach, inmharthana, neamhspleách agus Eorpach, oiriúnach don ré dhigiteach, chomh maith le nithe nua a thriail, bunriachtanach chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn ar mhaithe leis an spriocdhaonra uile. Bainfidh neamhspleáchas an CCIE le neamhspleáchas fhiontair CCIE, ar FBManna den chuid is mó iad, a gcinntí féin a dhéanamh, go háirithe i ndáil lena bpríomhroghanna ealaíonta agus airgeadais;

10. Tá sé bunriachtanach go spreagfaí cruthú agus fás fiontar cultúrtha cruthaitheach Eorpach a bheidh láidir iomaíoch, den uile mhéid, a bheidh in ann dul in iomaíocht le gníomhaithe domhanda go ginearálta, agus go háirithe i margaí ina bhfuil buntáiste iomaíoch ag an Aontas, agus i margaí nua atá ag teacht chun cinn amhail an réaltacht fhíorúil agus bhreisithe, físchluichí nó intleacht shaorga, mar shampla, nuair a bhaintear úsáid astu chun tacú le léiriú na saothar cultúrtha agus cruthaitheach agus leis an rochtain orthu;

11. Cé go bhféadfaí deiseanna airgeadais agus cruthaitheacha a chruthú san earnáil le teacht chun cinn gníomhaithe digiteacha domhanda, a fheidhmíonn mar mhaor gheata sa mhargadh digiteach, beidh dúshláin ag baint leis sin freisin ó thaobh na cruthaitheachta, agus ó thaobh na héagsúlachta cultúrtha agus teanga, san Eoraip;

12. Tá sé práinneach, dá bhrí sin, go n-athneartódh an tAontas Eorpach saibhreas agus éagsúlacht chultúrtha na hEorpa trí straitéis is infheidhme maidir le gach CCSI a chothaíonn cruthaitheacht agus éagsúlacht léirithe cultúir san Eoraip.

*IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:*

13. Comhairliúcháin a chur ar bhun leis na gairmithe ábhartha maidir le dúshláin choiteanna agus leis na deiseanna coiteanna atá ar fáil do CCISanna, go háirithe i ndáil le bearta agus infheistíochtaí lena gcuirfear dlús leis an dá aistriú agus le téarnamh inbhuanaithe;

14. A dtaithí agus a ndea-chleachtais a roinnt maidir le beartais chultúrtha éifeachtacha a chur chun feidhme lena dtacaítear le réimsí sonracha fadhbanna a bhaineann le CCIE ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus lena réitítear iad, agus maidir le bealaí éifeachtacha a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas CCIE i réimsí beartais eile;

15. Comhar cultúrtha rialta a chur chun cinn, go háirithe, i réigiúin teorann a bhfuil dúshláin choiteanna rompu, e.g. cailliúint tionscal nó scileanna traidisiúnta, *inter alia*, trí idirphlé a chothú leis na geallsealbhóirí ábhartha;

16. Taighde maidir le CCIE agus taighde ón éiceachóras sin a ghríosú trí theacht chun cinn agus imscaradh tionscadal taighde agus forbartha (T&F) a spreagadh, lena neartaítear a nglacadh nuálaíochta, a scileanna agus a seasamh iomaíoch, agus mar chomhlánú ar thionscadail atá ar bun faoi láthair, go háirithe le tacaíocht ó Fís Eorpach, agus ón bPobal Eolais agus Nuálaíochta (PEN) san Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT);

17. Tacú le fiontair neamhspleácha in CCIE, go háirithe maidir lena gcumas iad féin a struchtúrú, lena saothair bhunaidh a mhaoiniú agus a scaipeadh, a samhlacha gnó a chothabháil agus a fhorbairt, agus a sócmhainní agus a samhlacha oideachais agus oiliúna, chomh maith lena gcumas nuálach ó thaobh teicneolaíoch, comhshaoil agus sóisialta de, a chaomhnú agus a athneartú;

18. Leas iomlán a bhaint as na forbairtí nua i dTreoir athbhreithnithe Sheirbhísí na Meán Closamhairc, trí shaothair Eorpacha a bheith á gcur chun cinn ag soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar bhealach éifeachtach agus na saothair sin a bheith feiceálach, agus trí mhachnamh a dhéanamh ar na sochair a bhaineann leis an rogha a thugtar do Bhallstáit le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc ranníocaíocht airgeadais a chur mar cheanglas, chun beogacht léiriúchán Eorpach, infheictheacht na saothar, agus scaipeadh na saothar sin ar fud na hEorpa a áirithiú.

*IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:*

19. Straitéis Eorpach CCIE, a shainmhínítear leis seo, a chur chun feidhme, faoi chomhordú an Choimisiúin Eorpaigh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ag tógáil ar thionscnaimh an Aontais agus ar chláir chistiúcháin chun leas a bhaint as an oiread sineirgí is féidir, agus ag díriú ar na tosaíochtaí seo a leanas:

I. <u>FEABHAS A CHUR AR AN ROCHTAIN ATÁ AG FIONTAIR CCIE AR CHISTIÚ:</u>

20. Rochtain ar fhaisnéis maidir leis an maoiniú atá ar fáil ón Eoraip a éascú d'fhiontair CCIE trí threoir cistiúcháin CultureEU a nascadh leis an uirlis mhapála idirghníomhach le haghaidh na meán closamhairc agus nuachta a d'fhorbair an Coimisiún chun go mbeadh tairseach dhigiteach ilteangach amháin ann ina liostófar na deiseanna cistiúcháin don CCIE iomlán;

21. Rochtain a éascú d'fhiontair CCIE, go háirithe na cuideachtaí neamhspleácha, lena n-áirítear na cuideachtaí is lú, ar scéimeanna poiblí agus príobháideacha, iasachtaí, ráthaíochtaí, réitigh chaipitil riosca agus maoiniú cothromais, agus sonraíochtaí na ngnólachtaí sin á gcur san áireamh, agus na nósanna imeachta a shimpliú;

22. Rannchuidiú le comhdhlúthú agus le hacmhainneacht fáis na FBManna sa CCIE, mar shampla, tríd an ardán cothromais nua Media Invest atá ann don tionscal closamhairc, ionas go spreagfaí réitigh nuálacha agus go gcuirfí ar chumas FBManna Eorpacha oibriú ar fud an Aontais agus lasmuigh de;

23. Leanúint d'éifeacht ghiarála na cabhrach poiblí agus iomaíochas fhiontair CCIE a éascú trí athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le státchabhair roimh dheireadh 2023, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine maidir le státchabhair, chur gur féidir aird a thabhairt ar a ábhartha agus a riachtanaí atá sé oiriúnú a dhéanamh i gcás na n-earnálacha cultúrtha agus closamhairc amhail an preas, físchluichí, amharclanna, stiúideonna agus ceol;

<u>BORRADH A CHUR FAOI FHORBAIRT AGUS FEABHSÚ SCILEANNA, AGUS FAOIN OIDEACHAS AGUS FAOIN OILIÚINT, LENA n-ÁIRÍTEAR AN MÉID SEO A LEANAS:</u>

24. Staidéar breithniúcháin[4] a sheoladh maidir le gairmeacha nua agus scileanna nua atá riachtanach don aistriú digiteach ionas go ndéanfar an éagsúlacht chultúrtha a ráthú agus a chur chun cinn, agus moltaí a dhéanamh maidir le scileanna atá éifeachtúil agus fabhrach don éagsúlacht agus don chomhionannas, agus atá in oiriúint don saol digiteach agus do na srianta nua iomaíochta amhail saincheisteanna i dtaobh na hinfhionntachta. Ba cheart, leis an staidéar, cur le gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi Chomhshocrú an Aontais Eorpaigh um Scileanna, agus i gcás inarb iomchuí, cur leis an ionchur a fhaightear ó struchtúir amhail an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc nó Europeana;

25. Fóram rialta a sheoladh maidir le fiontraíocht Eorpach, idir chultúrtha agus chruthaitheach, ag tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana, fóram arb é is aidhm dó scaipeadh an dea-chleachtais a chothú, mar aon leis an líonrú agus comhroinnt smaointí maidir le hábhair reatha agus forbairtí san earnáil;

26. Gníomhaíochtaí oiliúna agus uirlisí glasa a fhorbairt chun dul i ngleic leis na dúshláin chomhshaoil atá os comhair gníomhaithe éagsúla CCIE, agus malartú dea-chleachtas a chothú, go háirithe i gcomhar le Comhshocrú an Aontais Eorpaigh um Scileanna.

---

[4] A bheidh le hullmhú ag an gCoimisiún Eorpach

SAIBHREAS CULTÚRTHA AGUS ÉAGSÚLACHT CHULTÚRTHA NA hEORPA A CHOTHABHÁIL AGUS A ATHDHEARBHÚ LE LINN AN RÉ DHIGITIGH, LENA n-ÁIRÍTEAR AN MÉID SEO A LEANAS:

27. Sócmhainní cultúrtha straitéiseacha na hEorpa agus a n-uathriail straitéiseach a neartú lena áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ag lucht féachana san Eoraip agus mórthimpeall na cruinne ar éagsúlacht an léirithe cultúir san Eoraip lena léirítear luachanna an Aontais agus chun tacú le CCIE na hEorpa a bhuntáiste iomaíoch a chothabháil agus a neartú;

28. Sealbhóirí cóipchirt agus ceart gaolmhar a chosaint agus luach saothair cothrom agus comhroinnt chothrom luacha a áirithiú ó chéim forbartha an ábhair Eorpaigh, agus trédhearcacht maidir le sonraí oibríochtúla á ráthú, go háirithe maidir le húsáid agus le rath saothar agus ábhar cosanta eile;

29. Leanúint den chruthaitheacht agus den léiriú neamhspleách ar shaothair Eorpacha a chothú trí chreat fabhrach a chur ar fáil d'fhiontair faoina bhféadfaidh siad a gcearta maoine intleachtúla a bhainistiú go héifeachtúil, go háirithe cóipcheart agus cearta gaolmhara, agus faoina bhféadfaidh siad a sócmhainní doláimhsithe a bhainistiú go héifeachtúil, trí bhonneagar sonraí cóipchirt a chur chun cinn, mar shampla, a bheidh oiriúnach don ré dhigiteach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhléiriúcháin agus ar chríochaíocht na gceart san earnáil closamhairc, nithe atá ríthábhachtach maidir le maoiniú inbhuanaithe na hearnála agus maidir le straitéisí dáileacháin;

30. Tógáil ar thionscnaimh sin an Aontais atá ann cheana (e.g. Start-up Europe Club, Creative Business Cup, Enterprise Europe Network, Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha) trí chláir luasaire, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm clár oiliúna, comhairleachta agus líonraithe chun borradh a chur faoi ghnólachtaí nuálacha nuathionscanta in CCIE i measc FBManna Eorpacha a bhfuil ardchumas iontu;

31. An dul chun cinn teicneolaíoch is déanaí a scaipeadh agus a chur chun cinn in CCIE, go háirithe ar bhonn na hoibre a dhéanfaidh PEN ar CCIanna amach anseo; rialachas freagrach agus eiticiúil sonraí a chur chun cinn, chuige sin, go háirithe príobháideachas trí dhearadh, agus úsáid teicneolaíochtaí san obair atá ar bun maidir le ceannasacht dhigiteach na hEorpa a fhorbairt a thuilleadh;

32. Comórtas Eorpach nuálaíochta a sheoladh, ag tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana amhail an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus an PEN atá ar na bacáin maidir le CCIeanna, d'fhonn tionscadail a chur chun cinn in CCIE lena mbaintear lánúsáid as teicneolaíochtaí struchtúrúcháin trí réitigh nuálacha suaiteachta a chur ar fáil atá gar don mhargadh (AR/VR, mórshonraí, intleacht shaorga, blocshlabhra, holashlabhra, teicneolaíochtaí 3D, samhaltú, samhlacha digiteacha, meiteachruinne, etc.);

33. Úsáid na dteicneolaíochtaí sin a éascú do chách, go háirithe dóibh siúd a bhfuil rochtain theoranta acu ar an teicneolaíocht dhigiteach agus do dhaoine faoi mhíchumas, eadhon trí scileanna digiteacha agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn, agus aird chuí á tabhairt ar chearta agus riachtanais shonracha leanaí agus daoine óga;

34. Cur chuige straitéiseach a chur chun cinn maidir le hábhar cultúrtha Eorpach a fhionnadh i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, saothair neamhspleácha go mór mór, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar shineirgí láidre le Europeana, le Agorateka[5], le ERGA[6], le Eurimages[7] agus leis an bhFaireachlann Eorpach Closamhairc, agus sa spás sonraí atá ar na bacáin le haghaidh na hoidhreachta cultúrtha;

---

[5] An Tairseach Eorpach d'Ábhar Ar Líne : https://agorateka.eu/

[6] Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc

[7] Ciste tacaíochta cultúrtha Chomhairle na hEorpa: https://www.coe.int/en/web/eurimages

35. Bheadh sé d’aidhm ag na tionscnaimh sin creat a chur ar fáil do mhalartuithe rialta gairmiúla (e.g. i bhFóram Eorpach um Infhionntacht); staidéir a sheoladh lena mapálfar cleachtais reatha agus ionchais a bhaineann le hinfhionntacht le haghaidh na CCSIanna uile; tuiscint níos fearr a fhorbairt ar ról na n-algartam um moltaí maidir le saothair Eorpacha a chur chun cinn agus breathnú ar a thrédhearcaí is atá siad; agus, más iomchuí, gníomhaíochtaí a mholadh, go háirithe maidir le caighdeánú, soláthar meiteashonraí, idir-inoibritheacht, agus uirlisí lena ndéanfar rochtain an lucht féachana a éascú;

<u>ONNMHAIRÍ FHIONTAIR CCIE A NEARTÚ, LENA n-ÁIRÍTEAR AN MÉID SEO A LEANAS:</u>

36. Tionscnaimh a spreagadh chun cumas na gcuideachtaí Eorpacha a neartú maidir le feidhmiú sa mhargadh seachtrach, amhail scéimeanna tumoideachais Eorpacha nó tionscadail eile cur chun cinn a chuirtear chun feidhme tríd an gclár Eoraip na Cruthaitheachta, a d’fhéadfadh tacú lena straitéisí onnmhairiúcháin agus a d’fhéadfadh treisiú lena mbunú i margaí ardacmhainneachta;

37. Tacú le rannpháirtíocht fhiontair CCIE ag imeachtaí tábhachtacha earnála, amhail aontaí agus seónna trádála, ag tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, mar shampla trí chomhar trasteorann spriocdhírithe nó trí chur chuige líonra;

38. Deiseanna comhpháirtíochta agus comhair a chur chun cinn idir tionscail cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa agus iad siúd ó thíortha i mbéal a dtionsclaithe, ag baint leasa as ionstraimí comhpháirtíochta agus forbartha an Aontais;

BEARTAIS FHREAGRACHA I BHFIONTAIR CCIE A CHUR CHUN CINN, LENA n-ÁIRÍTEAR AN MÉID SEO A LEANAS:

39. Beartais fhreagracha maidir le hinbhuanaitheacht agus cosaint an chomhshaoil a chothú, mar shampla trí dhámhachtainí agus dreasachtaí eile, i gcomhréir le Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, go háirithe tionscadail lena gcuirtear cur chuige nuálach chun cinn i gcomhréir le contanam an gheilleagair chiorclaigh, amhail samhlacha gnó ciorclacha, prionsabail éicidhearthóireachta agus straitéisí bainistithe deireadh ré;

40. Dea-chleachtais a shainaithint maidir le claochlú inbhuanaithe CCIE agus iad a chur chun cinn ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear i gcomhthéacs thionscnamh Bauhaus Nua Eorpach;

41. Cur chun feidhme beartas freagrach a spreagadh in CCIE maidir le frith-idirdhealú, cóipcheart agus cearta gaolmhara, lena n-áirítear luach saothair cóir do shealbhóirí ceart, dálaí oibre agus ráthaíochtaí sóisialta níos fearr, agus iad a áireamh sa mhaoiniú poiblí.

**Conclúidí**

- Conclúidí ón gComhairle maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh (2015/C 172/04)
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil 2020 maidir leis an bplean téarnaimh agus an creat airgeadais ilbhliantúil do 2021-2027
- Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuaine na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta (2021/C 209/03, 2.6.2021)
- Conclúidí maidir le 'Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú (2021/C 210/01)
- Conclúidí ón gComhairle an 30 Samhain 2021 maidir le cultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta mar phríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Nua Eorpach
- Conclúidí ón gComhairle an 30 Samhain 2021 maidir le hinfhaighteacht agus iomaíochas ábhair Eorpaigh closamhairc agus meán a mhéadú

**Gníomhartha reachtacha**

- Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013

**Doiciméid eile ábhartha bheartais**

***Teachtaireachtaí ón gCoimisiún***

- Páipéar Uaine ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *Unlocking the potential of cultural and creative industries* [An acmhainneacht atá ag tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a scaoileadh] COM/2010/183 final

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún – An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *Europe's Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation* [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú], COM/2020/784 final

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *Artificial Intelligence for Europe* [Intleacht Shaorga don Eoraip], COM/2020/102 final

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality* ['Oiriúnach do 55': sprioc aeráide an Aontais do 2030 i dtreo neodracht aeráide a bhaint amach'], COM/2021/550 final

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Updating the 2020 new industrial strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [An Straitéis tionsclaíochta nua 2020 a thabhairt cothrom le dáta: Margadh aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa], COM/2021/350 final

- Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *EU guidelines for the safe resumption of activities in the cultural and creative sectors - COVID-19* [Treoirlínte an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a atosú go sábháilte - COVID-19], COM/2021/4838

***Rúin Pharlaimint na hEorpa***

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal *Europe's Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation* [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú], 2021/2017(INI)

***Coinbhinsiúin agus doiciméid UNESCO***

- Coinbhinsiún na bliana 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn
- Cultural and Creative Industries in the Face of COVID-19: An Economic Impact Outlook [Tionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta in aghaidh COVID-19: Forléargas ar an Tionchar Eacnamaíoch], Staidéar 2021
- Creat 2009 UNESCO le haghaidh Staidreamh Cultúir

***Doiciméid ghrúpaí saineolaithe MOC***

- Tuarascáil an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC) maidir le comhléiriúchán AE
- Sainordú shaineolaithe Ghrúpa MOC na mBallstát maidir le stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha